Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022 (OR. en)**

**13093/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0305(NLE)**

**PROBA 45**
**AGRI 494**
**WTO 180**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 497 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta i leith aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 497 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 497 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2022
COM(2022) 497 final

2022/0305 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta i leith aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta i dtaca leis an gcinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992

Is é is aidhm don Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992[1] ('an Comhaontú') go mbeidh comhar idirnáisiúnta feabhsaithe ann maidir le cúrsaí siúcra ar fud an domhain agus saincheisteanna gaolmhara, go gcuirfear fóram ar fáil le haghaidh comhairliúcháin idir-rialtasacha maidir le siúcra agus bealaí chun feabhas a chur ar gheilleagar domhanda an tsiúcra, go n-éascófar trádáil trí fhaisnéis ar mhargadh domhanda an tsiúcra agus milseoirí eile a bhailiú agus a sholáthar agus go spreagfar éileamh méadaithe ar shiúcra, go háirithe ar úsáidí neamhthraidisiúnta. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chomhaontú[2].

### 2.2. An Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra

Eagraíocht idir-rialtasach atá lonnaithe i Londain is ea an Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra, eagraíocht a riarann an Comhaontú agus a dhéanann iarracht na cuspóirí a leagtar síos le hAirteagal 1 den Chomhaontú a chomhlíonadh.

Tá 87 gcomhalta san Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra faoi láthair, lena n-áirítear cuid mhór de na táirgeoirí agus na hallmhaireoirí siúcra is mó ar domhan. Lasmuigh den Aontas, is iad an Bhrasaíl, an India, an Téalainn agus an Astráil a cuid comhaltaí, agus eile. Is í an Ríocht Aontaithe, atá ina comhalta ón 1 Eanáir 2021, an tír dheireanach a chuaigh isteach san Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra. Tá 2 000 vóta san iomlán ag na 87 gcomhalta den Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra.

De bhun Airteagal 8 den Chomhaontú, déanann an Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta na feidhmeanna ar fad is gá nó déanann sí socrú lena n-aghaidh chun forálacha an Chomhaontaithe a chomhlíonadh.

Ag seisiúin na Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta déanann an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais, de bhua Airteagal 17 CAE. Is féidir leis na Ballstáit freastal ar sheisiúin na Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta freisin.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta

Tar éis iarratas foirmiúil Ríocht na hAraibe Sádaí an 15 Nollaig 2021 chun aontú don Chomhaontú, meastar go nglacfaidh an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta, le linn seisiún dá cuid amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta trí chomhfhreagras a chomhmhalartú, cinneadh maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí.

---

1 An Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 16).

2 Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe seasamh an Aontais a bhunú maidir leis na coinníollacha le haghaidh aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú de bhun Airteagal 41 den Chomhaontú.

De réir Airteagal 41 den Chomhaontú, is féidir le Rialtas na Stát uile iarratas a dhéanamh ar aontachas ar na coinníollacha sin, faoi mar is iomchuí de réir na Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta. Faoi Airteagal 25(4) den Chomhaontú, i gcás aontachas Comhalta tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus i gcás nach liostaítear an Comhalta aontach sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta cinneadh maidir leis an líon vótaí a leithdháilfear ar an gComhalta sin. Tar éis don Chomhalta aontach glacadh leis an líon vótaí arna leithdháileadh ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta Siúcra, déanfar líon vótaí na gComhaltaí eile a ríomh arís ionas go mbeidh an líon iomlán vótaí fós ag 2 000. Is é 31 vóta an líon vótaí a leithdháilfí ar Ríocht na hAraibe Sádaí, bunaithe ar an dáileachán vótaí atá i bhfeidhm faoi láthair. A luaithe a bheidh Ríocht na hAraibe Sádaí ina comhalta den Chomhaontú, laghdófar na vótaí a leithdháiltear ar an Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 25 den Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra. Dá bhrí sin, laghdófaí ranníocaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh dá réir le haghaidh na mblianta airgeadais amach anseo ina mbeidh Ríocht na hAraibe Sádaí ina comhalta den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ba chomhalta gníomhach den Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra é an tAontas riamh agus thacaigh sé le forleathnú na heagraíochta.

Cé nach táirgeoir siúcra í Ríocht na hAraibe Sádaí, is gníomhaí sách tábhachtach í ar an leibhéal domhanda mar gheall ar a hallmhairí tábhachtacha siúcra i gcaitheamh na mblianta agus mar chomhpháirtí trádála tábhachtach de chuid an Aontais i réimse na dtáirgí talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear siúcra.

Is é is cuspóir don togra seo seasamh an Aontais a bhunú maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú atá le glacadh ag seisiún den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta amach anseo. Tacóidh an tAontas le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí agus áiritheoidh sé go ndéanfar líon na vótaí atá le leithdháileadh ar Ríocht na hAraibe Sádaí a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 25(4) den Chomhaontú.

## 4. AN BUNÚS DLÍ

### 4.1. An bunús dlí atá leis an nós imeachta

#### *4.1.1. Na Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a*

*d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a bunaíodh le comhaontú, eadhon an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992.

Beidh forleathnú ar chomhaltas an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ina éifeacht ag an ngníomh atá beartaithe ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta. Tá éifeachtaí dlíthiúla ag an ngníomh atá beartaithe ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta óir leagfar síos coinníollacha an aontachais sin leis, go háirithe toisc go ndéanfaidh sé difear don chothromaíocht cinnteoireachta laistigh den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta, ina ndéantar cinntí agus moltaí, i bprionsabal, de chomhthoil. I gcás nach bhfuil comhthoil ann, déantar cinntí agus moltaí trí vóta tromlaigh shimplí, ach amháin má fhoráiltear maidir le vóta speisialta sa Chomhaontú, cinntí agus moltaí atá ina gceangal ar a cuid Comhaltaí, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 13 den Chomhaontú. Déanfar difear do ranníocaíochtaí airgeadais ar leith na gComhaltaí freisin leis an bhforleathnú ar bhallraíocht an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992. Ní mór mar sin seasamh an Aontais a leagan síos.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. An bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm theagmhasach nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

---

3 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta i leith aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (‘an Comhaontú’) a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 92/580/CEE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993.

(2) Luaitear in Airteagal 41 den Chomhaontú gur féidir le Rialtas na Stát uile iarratas a dhéanamh ar aontachas leis an gComhaontú i gcomhréir leis na coinníollacha arna mbunú ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta.

(3) Rinne Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí iarratas foirmiúil ar aontú don Chomhaontú an 16 Feabhra 2021. Dá bhrí sin, ba cheart iarraidh ar an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta, le linn seisiún a bheidh aici amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta trí chomhfhreagras a mhalartú, na coinníollacha maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí a bhunú.

(4) Ós rud é gur gníomhaí tábhachtach in earnáil an tsiúcra ar an leibhéal domhanda í Ríocht na hAraibe Sádaí, agus gur comhpháirtí trádála tábhachtach de chuid an Aontais í i réimse na dtáirgí talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear siúcra, tá sé chun leas an Aontais aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú a fhormheas faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 den Chomhaontú.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a bhunú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta le linn seisiún a bheidh aici amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta trí chomhfhreagras a mhalartú, aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (an Comhaontú) a fhormheas

[1] Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

agus a áirithiú go ndéanfar líon na vótaí a bheidh le leithdháileadh ar Ríocht na hAraibe Sádaí a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 25(4) den Chomhaontú.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*